Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**10285/21**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0174(NLE)**

**UK 163**
**PECHE 240**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Meitheamh 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 353 final IARSCRÍBHINNÍ 1 go 3 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, le haghaidh na tréimhse 2021-2026, sa Choiste Speisialaithe um Iascach arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 353 final IARSCRÍBHINNÍ 1 go 3.

---

Faoi iamh: COM(2021) 353 final IARSCRÍBHINNÍ 1 go 3

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.6.2021
COM(2021) 353 final

ANNEXES 1 to 3

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, le haghaidh na tréimhse 2021-2026, sa Choiste Speisialaithe um Iascach arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile**

# IARSCRÍBHINN I

1. Prionsabail

Faoin gComhaontú Trádála agus Comhair ('TCA'), déanfaidh an tAontas:

(a) Gníomhú i gcomhréir leis na cuspóirí agus na prionsabail atá á saothrú ag an Aontas laistigh den Chomhbheartas Iascaigh, go sonrach tríd an gcur chuige réamhchúraim agus na haidhmeanna a bhaineann leis an uastáirgeacht inbhuanaithe mar a leagtar síos in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 1380/2013, chun cur chun feidhme chur chuige i leith bainistiú iascaigh atá bunaithe ar an éiceachóras a chur chun cinn, chun gabhálacha de thaisme a sheachaint agus a íoslaghdú a mhéid is féidir agus chun deireadh a chur le haischuir diaidh ar ndiaidh, agus chun tionchar na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachórais mhuirí agus ar a ngnáthóga a íoslaghdú agus, chomh maith leis sin, trí iascaigh de chuid an Aontais atá inmharthana agus iomaíoch ó thaobh an gheilleagair de a chur chun cinn, caighdeán cothrom maireachtála a chur ar fáil do na daoine a bhíonn ag brath ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, agus leasanna na dtomhaltóirí á gcur san áireamh; agus i gcomhréir le hAirteagal 28 agus Airteagal 33 den Rialachán sin maidir le bainistiú stoc leasa choitinn;

(b) Oibríochtú an Choiste Speisialaithe um Iascach ('SCF') a áirithiú, lena n-áirítear a rialacha nós imeachta a mhionsaothrú nó a leasú;

(c) A áirithiú go gcuirfear ar bun na meithleacha is gá le haghaidh obair SCF, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, a rialacha nós imeachta a mhionsaothrú agus a ghlacadh;

(d) Féachaint lena áirithiú go mbeidh gníomhartha nó bearta a bhfuil éifeacht dhlíthiúil leo a ghlacfaidh SCF comhsheasmhach leis an dlí idirnáisiúnta, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, Comhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le Stoic Éisc, Comhaontú FAO ar Bhearta Stát an Chalafoirt;

(e) A áirithiú go mbeidh gníomhartha nó bearta a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo arna nglacadh ag SCF comhsheasmhach le cuspóirí agus le prionsabail an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair (Airteagal 494) lena n-áirítear inbhuanaitheacht fhadtéarmach agus an úsáid is fearr a bhaint as stoic chomhroinnte, úsáid a bhaint as an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil mar bhonn do chinntí caomhnaithe agus bainistíochta, bearta comhréireacha neamh-idirdhealaitheacha a chur i bhfeidhm maidir le beo-acmhainní muirí a chaomhnú agus acmhainní iascaigh a bhainistiú agus, san am céanna, uathriail rialála na bPáirtithe a chaomhnú;

(f) Seasaimh atá comhsheasmhach le dea-chleachtais agus seasaimh a ghlactar i bhfóraim eile agus i gcomhairliúcháin iltaobhacha agus dhéthaobhacha san Atlantach thoir thuaidh a chur chun cinn agus comhordú le páirtithe eile agus le Coimisiún Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh a chur chun cinn;

(g) A áirithiú go ndéantar gealltanais idirnáisiúnta an Aontais a urramú;

(h) A bheith i gcomhréir le Conclúidí ón gComhairle an 19 Márta 2012 maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún i ndáil le gné sheachtrach an chomhbheartais iascaigh;

(i) Cur chun feidhme tráthúil na mbeart arna nglacadh faoi TCA ag na Páirtithe isteach i gcreat dlíthiúil an Aontais, féachaint leis an méid sin a cur chun cinn.

## IARSCRÍBHINN II

1. Treoshuíomhanna

Féachfaidh an tAontas, i gcás inarb iomchuí, le tacú le obair SCF, leis an méid seo a leanas go háirithe:

(a) Plé agus comhar i ndáil le bainistiú iascaigh inbhuanaithe;

(b) Aird a thabhairt ar fhorbairt straitéisí ilbhliantúla maidir le caomhnú agus bainistiú mar bhonn chun TACanna agus bearta bainistíochta eile a shocrú;

(c) Straitéisí ilbhliantúla a fhorbairt chun stoic neamhchuóta a chaomhnú agus a bhainistiú mar a thagraítear faoi TCA;

(d) Aird a thabhairt ar bhearta chun iascaigh a bhainistiú agus a chaomhnú, lena n-áirítear bearta éigeandála chun roghnaíocht gníomhaíochtaí iascaireachta a áirithiú;

(e) Aird a thabhairt ar chuir chuige maidir le bailiú sonraí chun críocha eolaíochta agus bainistiú iascaigh, na sonraí sin a chomhroinnt, lena n-áirítear faisnéis is ábhartha chun faireachán, rialáil agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh, agus maidir le dul i gcomhairle le comhlachtaí eolaíochta maidir leis an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil;

(f) Aird a thabhairt ar bhearta chun comhlíonadh na rialacha is infheidhme a áirithiú, lena n-áirítear cláir chomhpháirteacha rialaithe agus faireacháin agus ar mhalartú sonraí chun faireachán a dhéanamh ar ghlacadh deiseanna iascaireachta agus rialú agus forfheidhmiú a éascú;

(g) Treoirlínte a fhorbairt chun na TACanna dá dtagraítear in Airteagal 499(6) de TCA maidir le TACanna sealadacha a shocrú;

(h) Ullmhúchán do na comhairliúcháin bhliantúla;

(i) Aird a thabhairt ar ábhair a bhaineann le calafoirt a ainmniú le haghaidh cur i dtír, lena n-áirítear é a éascú do na Páirtithe fógra tráthúil a thabhairt faoi na hainmnithe sin agus faoi aon athruithe ar na hainmnithe sin;

(j) Amlínte a bhunú le haghaidh fógra a thabhairt faoi bhearta dá dtagraítear in Airteagal 496(3), na liostaí soithí dá dtagraítear in Airteagal 497(1) a thuairisciú agus an fógra dá dtagraítear in Airteagal 498(7) de TCA;

(k) Fóraim le haghaidh comhairliúchán a chur ar fáil faoi Airteagal 501(2) agus Airteagal 506(4) de TCA;

(l) Sásra a fhorbairt le haghaidh deiseanna iascaireachta a aistriú go deonach idir Páirtithe le linn na bliana, dá dtagraítear in Airteagal 498(8) de TCA;

(m) Aird a thabhairt ar chur i bhfeidhm agus cur chun feidhme Airteagal 502 agus Airteagal 503 de TCA;

(n) Meithleacha a bhunú, faireachán a dhéanamh orthu, iad a chomhordú agus a scor faoi Airteagal 8(f) de TCA.

2. Féachfaidh an tAontas, i gcás inarb iomchuí, le tacú le hobair SCF i bhfianaise gníomhartha nó bearta a ghlacadh a bhfuil éifeacht dhlíthiúil leo a mhéid a bhaineann le:

(a) Na hábhair dá dtagraítear in Iarscríbhinn II pointe 1) thuas;

(b) Ábhair atá comhaontaithe ag na Páirtithe a thaifeadadh tar éis dul i gcomhairle faoi Airteagal 498 de TCA;

(c) An liosta gealltanas idirnáisiúnta atá ann cheana dá dtagraítear in Airteagal 496(2) de TCA a leasú;

(d) A bhaineann le haon ghné eile den chomhar maidir le bainistiú iascach inbhuanaithe faoi TCA;

**(e)** Na módúlachtaí a bhaineann le hathbhreithniú faoi Airteagal 510 de TCA.

## IARSCRÍBHINN III

## Sonrú ó bhliain go bliain ar sheasamh an Aontais a bheidh le glacadh ag cruinnithe den Choiste Speisialaithe um Iascach

Sula nglacfaidh SCF gníomhartha nó bearta a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, déanfar na bearta is gá ionas go ndéanfaidh an seasamh a chuirfear in iúl thar ceann an Aontais an fhaisnéis eolaíoch is déanaí agus faisnéis ábhartha eile a chuirtear chuig an gCoimisiún a chur san áireamh, i gcomhréir leis na prionsabail agus na treoshuímh a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II.

Chuige sin, agus bunaithe ar an bhfaisnéis sin, tarchuirfidh an Coimisiún chuig an gComhairle, nó chuig a comhlachtaí ullmhúcháin, in am trátha roimh gach cruinniú de SCF, doiciméad i scríbhinn ina leagfar amach sonraí na sonraíochta atá beartaithe maidir le seasamh an Aontais i dtaca le sonraí an tseasaimh a chuirfear in iúl thar ceann an Aontais a phlé agus a fhormhuiniú.

Áiritheofar go mbeidh Parlaimint na hEorpa in inmhe a sainphribhléidí institiúideacha a fheidhmiú go hiomlán i rith an phróisis i gcomhréir leis na Conarthaí.

Más rud é, le linn chruinniú SCF, nach féidir teacht ar chomhaontú, lena n-áirítear comhaontú ar an láthair, chun go gcuirfidh seasamh an Aontais gnéithe nua san áireamh, cuirfear an t-ábhar faoi bhráid na Comhairle nó faoi bhráid a comhlachtaí ullmhúcháin.